RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/2089 ÓN gCOIMISIÚN

an 21 Meán Fómhair 2021

lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2122 a mhéid a bhaineann le catagóirí áirithe d'earraí a mbaineann riosca íseal leo, earraí ar cuid iad de bhagáiste pearsanta paisinéirí agus peataí atá díolmhaithe ó rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann agus lena leasaítear an Rialachán Tarmligthe sin agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2074 a mhéid a bhaineann le tagairtí do reachtaíocht aisghairthe áirithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (an Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) ([1]), agus go háirithe Airteagal 48(b), (c), (d), (e), (f) agus (h), Airteagal 53(1) (d)(ii) agus Airteagal 77(1) (h) agus (k) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2017/625 bunaítear rialacha maidir le rialuithe oifigiúla a dhéanann údaráis inniúla na mBallstát maidir le hainmhithe agus earraí a thabhairt isteach san Aontas chun comhlíonadh reachtaíocht an Aontais maidir leis an slabhra agraibhia a fhíorú.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2122 ón gCoimisiún ([2]) leagtar síos rialacha maidir leis na coinníollacha faoina ndíolmhaítear catagóirí áirithe ainmhithe agus earraí ó rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann agus cathain a dhéanfar an díolmhú sin, agus rialacha maidir leis na coinníollacha faoina bhféadfaidh údaráis chustaim nó údaráis phoiblí eile cúraimí sonracha rialaithe a dhéanamh maidir le bagáiste pearsanta paisinéirí, agus cathain a dhéanfar amhlaidh, a mhéid nach bhfuil na cúraimí sin faoi fhreagracht na n-údarás sin cheana féin.

(3) Maidir le samplaí de tháirgí de bhunadh ainmhíoch agus samplaí de tháirgí ilchodacha chun críche anailíse táirgí agus tástála cáilíochta, lena n-áirítear anailís orgánaileipteach, táirgí arna n-úsáid chun críche tástála agus anailíse ag oibreoir sa Bhallstát cinn scríbe, is beag an riosca a bhaineann leis na samplaí sin do shláinte an phobail ós rud é nach dtéann siad isteach sa bhiashlabhra. Dá bhrí sin, ba cheart údarás inniúil an Bhallstáit cinn scríbe a bheith in ann údarú a thabhairt na samplaí sin a dhíolmhú ó rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann.

([1]) IO L 95, 7.4.2017, lch. 1.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2122 ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le catagóirí áirithe ainmhithe agus earraí atá díolmhaithe ó rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann, rialuithe sonracha maidir le bagáiste pearsanta paisinéirí agus maidir le coinsíneachtaí beaga earraí a sheoltar chuig daoine nádúrtha, earraí nach bhfuil sé beartaithe iad a chur ar an margadh agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 ón gCoimisiún (IO L 321, 12.12.2019, lch. 45).

(4) Chun rioscaí do shláinte ainmhithe a chosc, ba cheart d'údarás inniúil an Bhallstáit cinn scríbe údarú a eisiúint le haghaidh samplaí de tháirgí de bhunadh ainmhíoch agus de tháirgí ilchodacha, údarú atá i gcomhréir leis na ceanglais sláinte ainmhithe a leagtar síos i rialacha a bunaíodh i Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) nó de bhun an Rialacháin sin, nó ag na Ballstáit. Ba cheart d'údarás inniúil an Bhallstáit cinn scríbe na coinníollacha sláinte poiblí a shonrú san údarú maidir leis na samplaí a thabhairt isteach san Aontas agus maidir lena n-úsáid.

(5) Chun cosc a chur ar shamplaí de tháirgí de bhunadh ainmhíoch agus de tháirgí ilchodacha chun críche anailís táirgí agus tástála cáilíochta a chur ar an margadh, ba cheart don údarás inniúil na hoibleagáidí a shonrú san údarú atá ar oibreoirí taifid a choimeád ar úsáid samplaí chun críche anailís táirgí agus tástála cáilíochta, agus na samplaí a dhiúscairt tar éis a n-úsáide i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]).

(6) Chun aon mhí-úsáid a bhainfí as an díolúine sin a sheachaint, maidir leis na samplaí taighde nó diagnóiseacha agus na samplaí de tháirgí de bhunadh ainmhíoch agus de tháirgí ilchodacha chun críche anailíse ar tháirgí agus tástála cáilíochta a thabhairt isteach, ba cheart don údarás inniúil a údaraíonn a dtabhairt isteach uasmhéid na samplaí a shonrú san údarú a eisítear d'oibreoirí.

(7) Ba cheart soiléiriú a dhéanamh ar líon na n-earraí áirithe ar cuid de bhagáiste pearsanta paisinéirí iad, earraí atá ceaptha le haghaidh tomhaltas nó úsáid phearsanta agus atá díolmhaithe ó rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann.

(8) Chun comhleanúnachas a áirithiú leis na liostaí ábhartha de thríú tíortha i Rialachán (AE) Uimh. 576/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]), tíortha ónar féidir peataí a thabhairt isteach i mBallstáit, ba cheart an díolúine do pheataí a thugtar isteach san Aontas ó thríú tíortha, nach bhfuil liostaithe i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 577/2013 ón gCoimisiún ([6]), a cheartú.

(9) I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe le hAirteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, le Rialachán (AE) 2017/625, agus gníomhartha de chuid an Choimisiúin atá bunaithe air, beidh feidhm acu maidir leis an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann. Dá bhrí sin, maidir leis na póstaeir in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2122 agus an bhileog in Iarscríbhinn III de maidir le táirgí ar cuid de bhagáiste pearsanta paisinéirí iad a thabhairt isteach, ba cheart iad a leasú chun tagairtí don Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann a chur san áireamh.

([3]) Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ("Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe") (IO L 84, 31.3.2016, lch. 1).

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena leagtar síos rialacha sláinte maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil beartaithe le caitheamh ag an duine agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1774/2002 (Rialachán maidir le seachtháirgí ainmhithe) (IO L 300, 14.11.2009, lch. 1).

([5]) Rialachán (AE) Uimh. 576/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 2013 maidir le gluaiseacht neamhthráchtála peataí agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 998/2003 (IO L 178, 28.6.2013, lch. 1).

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 577/2013 ón gCoimisiún an 28 Meitheamh 2013 maidir leis an múnla de dhoiciméid aitheantais le haghaidh gluaiseacht neamhthráchtála madraí, cat agus firéad, maidir le liostaí críocha agus tríú tíortha a bhunú agus maidir le formáid, leagan amach agus ceanglais teanga na ndearbhuithe lena bhfianaítear comhlíonadh coinníollacha áirithe dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 576/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 178, 28.6.2013, lch. 109).

(10) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/632 ón gCoimisiún ([7]) aisghairtear Cinneadh 2007/275/CE ón gCoimisiún ([8]). Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart tagairtí do Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/630 ón gCoimisiún ([9]) a chur in ionad tagairtí do Chinneadh 2007/275/CE ón gCoimisiún in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2122.

(11) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2122 a leasú dá réir sin.

(12) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/632 aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2007 ón gCoimisiún ([10]). Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart tagairtí do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/632 ón gCoimisiún a chur in ionad tagairtí do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2007, agus do Cinneadh 2007/275/CE i Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2074 ón gCoimisiún ([11]).

(13) Ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2074 a leasú dá réir sin.

(14) I Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2074, ba cheart tagairtí do na gníomhartha dlíthiúla aisghairthe céanna agus atá i Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2122 a cheartú. Tá nasc substainteach idir na rialacha sna Rialacháin Tharmligthe sin agus beartaítear iad a chur i bhfeidhm i dteannta a chéile. Ar mhaithe le simplíocht agus trédhearcacht, agus chun a gcur i bhfeidhm a éascú agus chun iolrú rialacha a sheachaint, ba cheart iad a leagan síos in aon ghníomh amháin seachas i roinnt gníomhartha ar leithligh lena mbaineann go leor crostagairtí agus an baol dúblála. Mar fhocal scoir, ba cheart an leasú ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2074 a áireamh sa Rialachán sin mar aon leis an leasú ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2122,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2122 mar a leanas:

(1) in Airteagal 3(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

"(b) go bhfuil a dtabhairt isteach san Aontas údaraithe roimh ré chun na críche sin ag údarás inniúil an Bhallstáit (*) cinn scríbe;

(*) I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i gcomhréir le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, chun críocha an Rialacháin seo, baineann tagairtí do na Ballstáit leis an Ríocht Aontaithe i dtaca le Tuaisceart Éireann de.";

([7]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/632 ón gCoimisiún an 13 Aibreán 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le liostaí na n-ainmhithe, na dtáirgí de bhunadh ainmhíoch, na dtáirgí geirmeacha, na seachtháirgí ainmhithe agus na dtáirgí díorthaithe, na dtáirgí ilchodacha, mar aon le féar tirim agus tuí atá faoi réir rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann, agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2007 agus Cinneadh 2007/275/CE ón gCoimisiún (IO L 132, 19.4.2021, lch. 24).

([8]) Cinneadh 2007/275/CE ón gCoimisiún an 17 Aibreán 2007 maidir le liostaí de tháirgí ilchodacha atá faoi réir rialuithe ag poist rialaithe teorann (IO L 116, 4.5.2007, lch. 9).

([9]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/630 ón gCoimisiún an 16 Feabhra 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le catagóirí áirithe earraí atá díolmhaithe ó rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann agus lena leasaítear Cinneadh 2007/275/CE ón gCoimisiún [C(2021)899] (IO L 132, 19.4.2021, lch. 17).

([10]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2007 ón gCoimisiún an 18 Samhain 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le liostaí de na hainmhithe, na táirgí de bhunadh ainmhíoch, na táirgí geirmeacha, na seachtháirgí ainmhithe agus na táirgí díorthaithe mar aon le féar tirim agus tuí atá faoi réir rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann, agus lena leasaítear Cinneadh 2007/275/CE (IO L 312, 3.12.2019, lch. 1).

([11]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2074 ón gCoimisiún an 23 Meán Fómhair 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le rialuithe oifigiúla ar choinsíneachtaí d'ainmhithe áirithe agus earraí áirithe de thionscnamh an Aontais, agus gur ag filleadh ar an Aontas atá siad, tar éis do thríú tír diúltú dá dteacht isteach (IO L 316, 6.12.2019, lch. 6).

(2) Leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

"Airteagal 4

Samplaí taighde agus diagnóiseacha, agus samplaí de tháirgí de bhunadh ainmhíoch agus de tháirgí ilchodacha chun críche anailíse táirgí agus tástála cáilíochta, lena n-áirítear anailís orgánaileipteach";

(b) cuirtear isteach mír 3, 4 agus 5 seo a leanas:

"3. Féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit cinn scríbe samplaí de tháirgí de bhunadh ainmhíoch agus de tháirgí ilchodacha chun críche anailíse táirgí agus tástála cáilíochta, lena n-áirítear anailís orgánaileipteach, a dhíolmhú ó rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann ar na coinníollacha seo a leanas:

(a) gur eisigh an t-údarás inniúil údarú don oibreoir atá freagrach as anailís nó tástáil na samplaí, sula dtugtar isteach san Aontas iad, údarú chun iad a thabhairt isteach san Aontas i gcomhréir le mír 4 agus go bhfuil an t-údarú sin taifeadta i ndoiciméad oifigiúil arna sheachadadh ag an údarás sin;

(b) go mbeidh an doiciméad oifigiúil dá dtagraítear i bpointe (a) nó cóip de, an deimhniú nó an dearbhú dá dtagraítear i mír 4(b), nó más infheidhme, aon doiciméad a cheanglaítear faoi na rialacha náisiúnta dá dtagraítear i mír 4(c), ag gabháil leis na samplaí, go dtí go sroicheann na samplaí an t-oibreoir atá freagrach as anailís nó tástáil na samplaí.

Maidir leis na samplaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír, i gcás ina dtabharfar isteach san Aontas iad trí Bhallstát nach é an Ballstát cinn scríbe é, tíolacfaidh an t-oibreoir na samplaí sin ag post rialaithe teorann.

4. San údarú chun samplaí de tháirgí de bhunadh ainmhíoch agus de tháirgí ilchodacha a thabhairt isteach san Aontas chun críche anailíse táirgí tástála cáilíochta, lena n-áirítear anailís orgánaileipteach, sonróidh údarás inniúil an Bhallstáit cinn scríbe an méid seo a leanas:

(a) is de thionscnamh tríú tíortha nó réigiúin tríú tíortha a liostaítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún (*) iad na samplaí;

(b) go bhfuil an deimhniú nó an dearbhú ábhartha arna tharraingt suas de réir na múnlaí a bunaíodh le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún (**) ag gabháil leis na samplaí;

I go gcomhlíonfaidh na samplaí, ag brath ar an tráchtearra, an méid seo a leanas:

(i) ceanglais ábhartha a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún (***); nó

(ii) rialacha náisiúnta i gcomhréir le hAirteagail 230(2), 234(3) agus 238(4) de Rialachán (AE) 2016/429, i gcás inarb infheidhme;

(d) na ceanglais maidir leis an tsláinte phoiblí maidir leis na nithe seo a leanas:

— teacht isteach sa Bhallstát cinn scríbe, a bhféadfadh ceanglais a bheith ar áireamh ann maidir le lipéadú agus pacáistiú i dtaca leis na samplaí; agus

— an anailís nó an tástáil ar na samplaí ag an oibreoir;

(e) an t-oibreoir atá freagrach as anailís nó tástáil a dhéanamh ar na samplaí, lena n-áirítear tagairt do sheoladh áitreabh an oibreora arb é ceann scríbe na samplaí é;

(f) an t-údarás inniúil atá freagrach as rialuithe oifigiúla ag áitreabh an oibreora arb é ceann scríbe na samplaí é; agus

(g) oibleagáidí an oibreora atá freagrach as an anailís nó as an tástáil gan na samplaí a mheascadh le bia atá le cur ar an margadh, taifid a choimeád ar úsáid na samplaí agus na samplaí a dhiúscairt tar éis na hanailíse táirge nó na tástála cáilíochta i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (****).

5. Sna húdaruithe dá dtagraítear i mír 1(a) agus i mír 3, sa chéad fhomhír, i bpointe (a), sonróidh údarás inniúil an Bhallstáit cinn scríbe uasmhéid na samplaí atá díolmhaithe ó rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann.

_____

(*) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, nó de chríocha nó de chriosanna de thríú tíortha óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a thabhairt isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1).

(**) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2020 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) 2016/429 agus (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le samhlacha de dheimhnithe sláinte ainmhithe, samhlacha de dheimhnithe oifigiúla agus samhlacha de dheimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla, maidir le coinsíneachtaí catagóirí áirithe ainmhithe agus earraí a theacht isteach san Aontas agus a ngluaiseachtaí laistigh den Aontas, deimhniú oifigiúil maidir leis na deimhnithe sin agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 599/2004, Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 636/2014 agus (AE) 2019/628, Treoir 98/68/CE agus Cinntí 2000/572/CE, 2003/779/CE agus 2007/240/CE (IO L 442, 30.12.2020, lch. 1).

(***) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí ainmhithe áirithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a thabhairt isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis iad a thabhairt isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379).

(****) Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena leagtar síos rialacha sláinte a mhéid a bhaineann le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil ceaptha lena gcaitheamh ag an duine agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1774/2002 (Rialachán maidir le seachtháirgí ainmhithe) (IO L 300, 14.11.2009, lch. 1).";

(3) in Airteagal 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

"(a) earraí a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn I ar choinníoll nach sáraíonn an chainníocht i ngach catagóir an teorainn meáchain 2 kg;";

(4) in Airteagal 11, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a)(ii):

"(ii) na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 5(1) nó in Airteagal 5(2) de Rialachán (AE) Uimh. 576/2013 a chomhlíonadh agus atá á n-aistriú ó chríoch nó ó thríú tír seachas iad siúd a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 577/2013, ar choinníoll go ndéanfar seiceálacha doiciméadacha agus aitheantais orthu i gcomhréir le hAirteagal 34 de Rialachán (AE) Uimh. 576/2013, agus, i gcás inarb ábhartha, go ndéanfar spotseiceálacha caighdeánacha i gcomhréir le hAirteagal 5(3) den Rialachán sin; nó";

(5) déantar Iarscríbhinní II, agus III a leasú i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2074 mar a leanas:

(1) In Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Údaróidh an t-údarás inniúil ag an bpost rialaithe teorann maidir leis na coinsíneachtaí seo a leanas a thabhairt isteach san Aontas, ar coinsíneachtaí iad de tháirgí de thionscnamh an Aontais agus á dtabhairt isteach san Aontas arís tar éis do thríú tír diúltú dá dtabhairt isteach ar choinníoll go gcomhlíonann siad na ceanglais a leagtar amach i mír 2:

(a) táirgí de bhunadh ainmhíoch a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/632 ón gCoimisiún (*);

(b) táirgí ilchodacha a liostaítear i gCaibidlí 15 go 22 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/632 atá faoi réir seiceálacha tréidliachta ag poist rialaithe teorann teacht isteach san Aontas i gcomhréir le hAirteagal 3 den Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

_____

(*) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/632 ón gCoimisiún an 13 Aibreán 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le liostaí na n-ainmhithe, na dtáirgí de bhunadh ainmhíoch, na dtáirgí geirmeacha, na seachtháirgí ainmhithe agus na dtáirgí díorthaithe, na dtáirgí ilchodacha, mar aon le féar tirim agus tuí atá faoi réir rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann, agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2007 agus Cinneadh 2007/275/CE ón gCoimisiún (IO L 132, 19.4.2021, lch. 24).";

(2) in Airteagal 3(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

"(a) an deimhniú oifigiúil bunaidh arna eisiúint ag údarás inniúil an Bhallstáit (*) as ar tháinig na hearraí agus a seoladh chuig tríú tír ('an Ballstát tionscnaimh'), nó a choibhéis leictreonach a cuireadh isteach in IMSOC, nó cóip fhíordheimhnithe de;

_____

(*) I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i gcomhréir le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, chun críocha an Rialacháin seo, baineann tagairtí do na Ballstáit leis an Ríocht Aontaithe i dtaca le Tuaisceart Éireann de.".

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 21 Meán Fómhair 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2122 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn II:

"IARSCRÍBHINN II

Póstaeir dá dtagraítear in Airteagal 8(1)

Tá teacht ar na póstaeir ag an seoladh seo a leanas:

https://ec.europa.eu/food/animals/animalproducts/personal_imports_en"




An Coimisiún Eorpach
COINNÍTEAR GALAIR AINMHITHE AMACH AS AN AONTAS EORPACH!
NÍ FOLÁIR DO THAISTEALAITHE NA TÁIRGÍ SEO A THABHAIRT SUAS LE hAGHAIDH SEICEÁLACHA OIFIGIÚLA
PDF/Volume_01 EW-05-21-200-GA-N ISBN 978-92-76-39286-6 DOI 10.2875/71038
PRINTED/Volume_01 EW-05-21-200-GA-C ISBN 978-92-76-39271-2 DOI 10.2875/173907
Is féidir pataiginí is cúis le galair ainmhithe a bheith i dtáirgí de bhunadh ainmhíoch.
Is ann do nósanna imeachta agus rialacha tréidliachta dochta maidir le táirgí de bhunadh ainmhíoch a thabhairt isteach san Aontas Eorpach*.
*Más ag taisteal idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh, Andóra, an Íoslainn, Lichtinstéin, an Ríocht Aontaithe (Tuaisceart Éireann), an Iorua, San Mairíne nó an Eilvéis atá tú, tá cead agat táirgí de bhunadh ainmhíoch a thabhairt leat i do chuid bagáiste. Más ag teacht ó Oileáin Fharó nó ón nGraonlainn atá tú: níl cead agat níos mó ná 10 kg a iompar i do bhagáiste. Tá tú faoi réir gnáthnósanna imeachta agus gnáthrialuithe tréidliachta má tá tú ag teacht ó limistéar den Ríocht Aontaithe taobh amuigh de Thuaisceart Éireann (Sasana, an Bhreatain Bheag, Albain).
Tuilleadh eolais: Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2122 ón gCoimisiún
Rial. 2019/2122


An Coimisiún Eorpach
Coinnítear galair ainmhithe amach as an Aontas Eorpach!
PDF/Volume_01 EW-09-21-241-GA-N ISBN 978-92-76-39157-9 DOI 10.2875/372
PRINTED/Volume_01 EW-09-21-241-GA-C ISBN 978-92-76-39170-8 DOI 10.2875/99913
Ní foláir do thaistealaithe na táirgí seo a thabhairt suas le haghaidh seiceálacha oifigiúla
Is féidir pataiginí is cúis le galair ainmhithe a bheith i dtáirgí de bhunadh ainmhíoch.
Is ann do nósanna imeachta agus rialacha tréidliachta dochta maidir le táirgí de bhunadh ainmhíoch a thabhairt isteach san Aontas Eorpach*.
*Más ag taisteal idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh, Andóra, an Íoslainn, Lichtinstéin, an Ríocht Aontaithe (Tuaisceart Éireann), an Iorua, San Mairíne nó an Eilvéis atá tú, tá cead agat táirgí de bhunadh ainmhíoch a thabhairt leat i do chuid bagáiste. Más ag teacht ó Oileáin Fharó nó ón nGraonlainn atá tú: níl cead agat níos mó ná 10 kg a iompar i do bhagáiste. Tá tú faoi réir gnáthnósanna imeachta agus gnáthrialuithe tréidliachta má tá tú ag teacht ó limistéar den Ríocht Aontaithe taobh amuigh de Thuaisceart Éireann (Sasana, an Bhreatain Bheag, Albain).
Tuilleadh eolais: Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2122 ón gCoimisiún
Rial 2019/2122
Slàinte agus Sàbhailteachd Bidhe

An Coimisiún Eorpach

Bíonn galair beag beann ar theorainneacha



PDF/Volume_01 EW-02-21-809-GA-N ISBN 978-92-76-39207-1 DOI 10.2875/69803
PRINTED/Volume_01 EW-02-21-809-GA-C ISBN 978-92-76-39243-9 DOI 10.2875/281032

Má thugann tú isteach táirgí feola nó déiríochta ó lasmuigh den Aontas, tá baol ann go dtabharfaidh tú galair ainmhithe isteach leo.

Mura ndearbhóidh tú earraí den sórt sin, féadfar fíneáil a ghearradh ort nó ionchúiseamh coiriúil a chur ort.

Déanfar na hearraí a urghabháil agus a scrios ar theacht isteach san Aontas duit.

*Más ag taisteal idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh, Andóra, an Íoslainn, Lichtinstéin, an Ríocht Aontaithe (Tuaisceart Éireann), an Iorua, San Mairíne nó an Eilvéis atá tú, tá cead agat táirgí de bhunadh ainmhíoch a thabhairt leat i do chuid bagáiste. Más ag teacht ó Oileáin Fharó nó ón nGraonlainn atá tú: níl cead agat níos mó ná 10 kg a iompar i do bhagáiste. Tá tú faoi réir gnáthnósanna imeachta agus gnáthrialuithe tréidliachta má tá tú ag teacht ó limistéar den Ríocht Aontaithe taobh amuigh de Thuaisceart Éireann (Sasana, an Bhreatain Bheag, Albain).
Tuilleadh eolais: Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2122 ón gCoimisiún

Rial. 2019/2122

Slàinte agus Sàbhailteachd Bidhe

(2) Leasaítear Iarscríbhinn III mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre:

"De bharr an baol atá ann galair a thabhairt isteach san Aontas Eorpach (AE) (*), tá nósanna imeachta diana ann maidir le táirgí áirithe ainmhithe a thabhairt isteach san Aontas. Níl feidhm ag na nósanna imeachta sin maidir le gluaiseachtaí de tháirgí ainmhithe idir na Ballstáit den Aontas Eorpach, ná le táirgí ainmhithe a thugtar isteach i gcainníochtaí beaga lena gcaitheamh go pearsanta ó Andóra, ón Íoslainn, ó Lichtinstéin, ón Iorua, ó Shan Mairíne agus ón Eilvéis.";

(*) I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i dteannta le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, baineann tagairtí don Aontas Eorpach san Iarscríbhinn sin leis an Ríocht Aontaithe i dtaca le Tuaisceart Éireann de.";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú mír agus an ceathrú mír:

"Féadfar na hearraí seo a leanas a thabhairt isteach san Aontas ar choinníoll go gcomhlíonann siad na coinníollacha agus na teorainneacha meáchain a shonraítear i bpointí 1 go 5 thíos.";

(c) i bpointe 3, "Bia peataí atá riachtanach ar mhaithe le cúiseanna sláinte", cuirtear an méid seo a leanas in ionad an fhrása tosaigh:

"Maidir le coinsíneachtaí pearsanta de bhia peataí atá riachtanach ar chúiseanna a bhaineann le sláinte an pheata atá ag tionlacan an phaisinéara, ní fhéadfaidh tú iad a thabhairt isteach san Aontas nó iad a chur chuig an Aontas ach ar na coinníollacha seo a leanas:";

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7, "Táirgí díolmhaithe":

"Tá na táirgí seo a leanas díolmhaithe ó na rialacha a leagtar amach i bpointí 1 go 6 ar choinníoll go gcomhlíonann siad ceanglais Airteagal 3(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/630 ón gCoimisiún (**):

— milseogra (lena n-áirítear milseáin), seacláid agus ullmhóidí bia eile ina bhfuil cócó;

— pasta, núdail agus cúscús;

— arán, cácaí, brioscaí, vaiféil agus abhlanna, roscaí, arán tóstáilte agus táirgí tóstáilte comhchosúla;

— ológa líonta le hiasc;

— úisc, úscraí agus tiúcháin, de chaife, de thae nó de mhaité agus ullmhóidí de bhunús na dtáirgí sin nó de bhunús caife, tae nó maité;

— siocaire rósta agus ionadaigh rósta eile caife, agus úisc, úscraí agus tiúcháin díobh;

— stoic anraith agus blastáin atá pacáistithe le haghaidh an tomhaltóir deiridh;

— forbhianna atá pacáistithe le haghaidh an tomhaltóir deiridh, ina bhfuil táirgí ainmhithe próiseáilte (lena n-áirítear glúcósaimín, condróitin nó ciotósán);

— licéir agus coirdiail;

(**) Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/630 ón gCoimisiún an 16 Feabhra 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le catagóirí earraí áirithe atá díolmhaithe ó rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann agus lena leasaítear Cinneadh 2007/275/CE ón gCoimisiún (IO L 132, 19.4.2021, lch. 17).".